



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2015

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eolaíocht Talmhaíochta

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phársa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá

Pointí Ginearálta

- Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh.
- Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime.
- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá faisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínte sa scéim mharcála uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.
- Má chinneann an scrúdaitheoir go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir, agus sa chás nach bhfuil aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire sula mbronntar marcanna. Go ginearálta, má bhíonn amhras ar bith ar scrúdaitheoir an bhfuil freagra faoi leith ceart ba cheart dó/đi dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Is malairtí iad na focail, nathanna nó abairtí a gcuirtear soladas (/) eatarthu agus tá an glacadh céanna le haon cheann acu maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.
- Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le siombailí/foirmlí maidir le dúil nó comhdhúil. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an tsiombail nó leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléirítear seo laistigh den scéim.

Freagraí ar Ceal

- Má chuirtear ar ceal an t-aon fhreagra a thugtar, déan neamhaird den chealú agus marcáil mar is gnách.
- Má dhéantar freagra a chealú agus má thugtar an dara leagan ar an bhfreagra, ba cheart duit glacadh leis an gcealú agus marcanna a bhronnadh air, sa chás go dtuilltear amhlaidh, i gcomhair an leagain nár cealaíodh amháin.
- Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, marcáil an dá leagan agus glac leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir leat, áfach, pointí ón dá leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

Freagraí Farasbairr

- I Roinn A, cuirtear ar ceal na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.
e.g. Ceist: Roghnaigh dhá phór déiríochta ón liosta de phórtha eallaigh:

Liosta: Charolais Freaslannach Simmental Geirseog Hereford

Scéim Mharcála: Freaslannach/ Geirseog/ Simmental

Dhá cheann ar bith 2 × 1 mharc

Freagra: Freaslannach, Geirseog agus Hereford – is ann do fhreagra farasbairr (Hereford), atá mícheart, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir $2 - 1 = 1$ mharc.

Gnáthnósanna

- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra sa scéim mharcála anonn ón bhfreagra ar thaobh na láimhe deise.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid mar (e.g.) 3 x 4 mharc. Ciallaíonn seo go bhfuil trí chuid sa fhreagra, agus go dtugtar 4 mharc do gach cuid.
- Bronn marcanna aonaid ar leithligh
e.g. má ghabhann 3(3) mharc le freagra, scríobh: 3
3
3
sa chéad cholún san imeall ar thaobh na láimhe deise.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist e.g. d'fhéadfadh trí pháirt a bheith ag baint le ceist – (i), (ii), (iii) – agus tugtar iomlán de 12 mharc don cheist. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: 6 mharc + 3 mharc + 3 mharc. Ciallaíonn si go mbronntar 6 mharc i leith an chéad fhreagra chirt agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
- Bíonn lúibíní cearnógacha/ *cló iodálach* in úsáid nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.
- Ba cheart marc iomlán gach ceiste a scríobh in aice uimhir na ceiste agus ciorcal a tharraingt timpeall air.
- Ba cheart an t-iomlán carnach a scríobh i gcúinne íochtarach deas gach leathanaigh ar a mbíonn iomlán ceiste le sonrú.
- Ní mór an uile leathanach bán a mharcáil lena chur in iúl go ndearnadh iniúchadh orthu.

ROINN a hAON

Ceist 1. (5 × 4m)

A	B
Peitil	Tarraingíonn beacha agus feithidí
Staimíní	Na codanna fireanna den bhláth
Xiléim	Iompraíonn uisce tríd an bplanda
Stómaí	Oscailtí ar an taobh íochtarach den duille
Cairpéil	Na codanna baineanna den bhláth
Fléam	Iompraíonn bia tríd an bplanda

Ceist 2. (4 × (3m + 2m))

Orgánach	Fíleam	An Tábhacht sa Talmhaíocht
Cruinnphéist	Néimeatóidí	Seadán (ainmhithe) / cailliúint meáchain / buinneach / díhiodráitiú / bás / lotnaid ar bharr / torthaí bairr laghdaithe
Puchán ae	Platyhelminthes	Seadán (ainmhithe) / cailliúint meáchain / ainéime / tál bainne laghdaithe / bás / buinneach / cailliúint olla nó fionnadh
Féileacán	Arthropoda	Pailniú / cabhraíonn le hatáirgeadh plandaí / lotnaid do phlandaí atá i gcéim an bhoilb / déantar damáiste do phlandaí i rith chéim an bhoilb
Seilide láibe	Mollusca	Óstach (tánaisteach) leith uisce

Ceist 3. (10 × 2m)

(a)	B
(b)	F
(c)	F
(d)	F
(e)	B
(b)	F
(g)	F
(h)	B
(i)	F
(j)	B

Ceist 4. (5 × 4m)

	A = Eorna	B = Arbhar	C = Coirce	D = Cruithneacht
Am síolaithe	Feabhra - Aibreán	Márta - Bealtaine	Feabhra - Aibreán	Feabhra - Aibreán
Úsáid an bhairr	Bia ainmhithe / brachadh / tomhaltas daoine/ easair thuí Ceann ar bith	Bia ainmhithe / sadhlas / tomhaltas daoine /easair thuí Ceann ar bith	Bia ainmhithe / tomhaltas daoine /easair thuí Ceann ar bith	Bia ainmhithe / táirgeadh plúir/ easair thuí Ceann ar bith
Ráta síolaithe (kg/ha)	150 – 200	20 - 28	140 – 165	140 – 190
Táirgeadh an bhairr (t/ha)	5 – 8	13 - 20	4 – 7	7 – 9

Ceist 5. (4 × (3m + 2m))

Gaireas	Ainm	Úsáid
A	Cuadraí	Sampláil plandaí / anailís chainníochtúil/ ag stadéir (iondulacht) phlandaí
B	Pútar	Feithidí nó ainmhithe (beaga) a bhailiú
C	Líontán (scaobtha)	Feithidí nó ainmhithe (beaga) a bhailiú
D	Teirmiméadar (ithreach)	Teocht (na hitheach) a thomhas

Ceist 6. (4 × (3m + 2m))

Galar	An Cineál Miocrorgánaigh	Cosc/Cóireáil
Eitinn	Baictéir	Athsholáthar tréada trí phórú inmheánach
Maistíteas	Baictéir	Sláinteachas na bleánlainne / sláinteachas an bhliteora / nigh an t-úth / seachain róbhleán / folcadh sine / cupa sniogtha / antaibheathach / teiripe do bha seasc / easair ghlan nó mataí glana sa chubhachail / cinntigh go bhfuil bail mhaith ar an mbliteoir / cuir cóireáil ar chneácha ar shiní / srianadh cuileog / cuir tarra Stocólm ar shiní / dealaigh ba a mbíonn ionfhabhtú orthu de shíor / coinnigh bainne siar ón umar
Níúmóine	Víreas	Aerú maith / saor ó shéideáin / leithlis / gruth buí / vacsaíniú / titíocht thirim
Borrphéist	Fungas	Seachain teagmháil le hainmhithe ionfhabhtaithe / bain úsáid as fuingicíd
Ceathrú dhubh	Baictéir	Vacsaíniú / gruth buí (le haghaidh uan) / antaibheathaigh / instealladh teandáileoige

Ceist 7. (5 × 4m)

(a) Bacaíl / seanaois / neamhthorthúlacht / galar / maistíteas / fiacla cailte / BCS íseal / drochchruth / olann ar chaighdeán íseal / lochtanna béil / tultit

(b) Fíocháin an útha a dheisiú / feabhsaítear BCS roimh an mbreith / cabhraíonn le forbairt thapa an lao / an tál uasta bainne a bhaint amach (sa lachtadh ina dhiaidh sin) / fíocháin an útha a athghiniúint

(c) Baintear crainn níos laige / spás breise / níos lú iomaíochta nó sampla ainmnithe / fásann na crainn atá fágtha níos díri / rochtain níos fearr / foinse ioncaim atá sa tanúchán

(d) Ardaítear pH / laghdaítear aigéadacht / feabhsaítear struchtúr na hitreach / soláthraítear cailciam / feabhsaítear an t-aerú / gruthú / feabhsaítear an draenáil / méadaítear na cothaithigh atá ar fáil / fás bairr níos fearr / táirgeacht níos airde / gníomhaíocht mhíocróbach fheabhsaithe / níos mó gníomhaíochta i measc na bpéisteanna talún / feabhsaítear torthúlacht na hitreach

(e) Seachnaítear gáis thocsaineacha nó gás tocsaineach ainmnithe / seachnaítear díobháil / seachnaítear bás / sábháilteacht ainmhithe

ROINN a DÓ

Ceist 8.

(a) (i) PRG / IRG / Timothy [*Glac le ryegrass*]

2 × 3m

(ii) An chéim fáis cheart / an chéim idirthréimhseach / 6-8 seachtaine tar éis an scoite / Bealtaine - (go luath i) mí an Mheithimh nuair atá ceann síolta ar 50% den fhéar [*Glac le nuair atá an féar duilleach*]

Ceann amháin ar bith 3m

(iii) Díhiodráitiú / go leor ama do thriomú an fhéir nó an fhéir thirim / fíniú caonaigh a sheachaint

Ceann amháin ar bith 3m

(iv) *Lactobacillus* spp./ bactéir aigéad luchtach

3m

(b) (i) Bain nó lom / ar lá tirim / lig dó triomú / suaith nó cas nó croith / 2-3 huair / laghdaigh gairbhe an chreatha / cuir i sraith nó rácáil nó bailigh / burláil / stóráil i scioból (sceithdhíonach)

Ceithre cinn ar bith 4 × 3m

(ii) Ní bhraitheann sé an méid céanna ar an aimsir / níos tapa / sadhlas níos indíleáite nó DMD níos airde / níos mó próitéine i sadhlas / luach beathaithe níos airde / gnóthachain meáchain nó tál bainne níos airde / níos éasca le dáileadh amach / níos deise le hithe

3 × 3m

(iii) Níos éasca le déanamh i bpáirceanna beaga / costais chaipitiúla níos ísle / éasca le hiompar / éasca le ceannach nó le díol / éasca le stóráil / oiriúnach do mhéideanna beaga / is féidir é a thabhairt le hithe taobh amuigh / riosca truaillithe níos ísle / cailteanas níos ísle (in ábhar tirim) i rith na táirgeachta agus na stórála

3 × 3m

(c) Meáigh an t-eascra nó coimeádán oiriúnach ainmnithe / meáigh an t-eascra agus an sampla den sadhlas ann / ríomh mais an tsadhlaís / triomaigh san oigheann / tréimhse oiriúnach / athmheáigh an t-eascra agus an sadhlas / déan arís go dtí nach dtagann laghdú breise ar an mais / ríomh an cailteanas sa mhais / ríomh % an ábhair thirim

[*Is féidir marcanna a bhronnadh as léaráid atá lipéadaithe i gceart*]

[*Ná bron níos mó ná 12 marc mura bhfuil iarracht déanta ar comhaireamh a dhéanamh*]

Nó

Déan sadhlas a fháscadh idir láimhe/ tabhair aire ar an ráta sú/ má ritheann an sú gan bhac => 15% abhar thirim (DM)/ má thagann an sú amach braon ar bhraon => 20% DM/ ganntanas sú => 25% DM/ athdhéanamh/ meán

Cúig cinn ar bith 5 × 3m

Ceist 9.

- (a) (i) Pórtha mairteola:
Charolais / Limousin / Hereford / Aberdeen Angus / Belgian Blue / Simmental **2 × 3m**
Pórtha déiríochta: Jersey / Holstein / (British) friesian / Kerry / Montbeliarde **2 × 3m**
- (ii) Mairteoil: Cruth bloic / muineál tiubh / guaillí leathana / neart feola / droim leathan
Déiríocht: Cruth dinge / muineál fada / guaillí tanaí / gan mórán feola **3 × 4m**
- (b) (i) Chun raimhre / tanaíocht an choirp a mheas / Scóir 0-5 in eallaigh
Dhá cheann ar bith 2 × 4m
- (ii) Idir 2.5 agus 3 **4m**
- (iii) Lao rómhór / an iomarca leitheadaithe saille i gconair na breithe / fiabhras bainne
Dhá cheann ar bith 2 × 4m
- (c) (i) Soláthraí atá ar eolas / coraintín nó leithlis / vacsaínigh / BCS maith nó caighdeán maith/
seiceáil le haghaidh galar **2 × 4m**
- (ii) Póraíonn feirmeoirí a n-ainmhithe athsholáthair féin nó tréad dúnta / fála / sláinteachas/
pointí dífhabhtaithe / coraintín / srian ar rochtain nó ar chuairteoirí **2 × 4m**

Ceist 10.

(a) (i) Gníomhaíocht reo is coscartha nó siocghníomhú / téamh agus fuarú nó síonchaitheamh oinniúnach / gaothoibriú / oighear / uisce / domhantarraingt / fréamhacha / gníomhaíocht ainmhithe / líomhadh / creimeadh

3 × 3m

(ii) Gairbhéal / gaineamh / siolta / cré

3 × 3m

(b) (i) % de ghaineamh, de shiolta agus de chré in ithir

6m

(ii) *Modh mothaithe*: Sampla den ithir / cuimil an ithir (thirim) idir an mhéar agus an ordóg / tabhair faoi deara an bhfuil sí greannach nó mín / déan arís le hithir fhliuch / rollaigh isteach i liathróid más féidir / déan snáitheanna di / lúb isteach i bhfáiníní / (cuir i gcomparáid le sreabhchairt le haghaidh) torthaí / conclúid

Nó

Modh criathraithe: Sampla den ithir / ithir thirim / slí le triomú / brúigh an ithir / meáigh bád meáite folamh nó coimeádán oiriúnach ainmnithe / cuir an ithir i mbád meáite / athmheáigh / aimsigh mias na hithreach (amháin) / criathraigh an ithir / athmheáigh gach cuid / ríomh an % de ghaineamh, de shiolta agus de chré / úsáid triantán uigeach / conclúid

Nó

Modh dríodraithe: Sampla den ithir / sorcóir grádaithe nó coimeádán oiriúnach ainmnithe / cuir uisce sa choimeádán / bris cnapanna móra / cuir stopallán ann / croith go bríomhar / lig dó socrú síos / tomhais doimhneacht iomlán na hithreach / tomhais gach ciseal de ghaineamh, de shiolta agus de chré / ríomh an % de ghaineamh, de shiolta agus de chré / úsáid triantán uigeach / conclúid

[Is féidir marcanna a bhronnadh as léaráid atá lipéadaithe i gceart]

Cúig cinn ar bith 5 × 3m

(c) (i) Péist talún

3m

(ii) Feabhsaítear an draenáil / feabhsaítear an t-aerú / measctar sraitheanna ithreach / feabhsaítear an torthúlacht / feabhsaítear an struchtúr / feabhsaítear an uigeacht / dianscaoiltear ábhar orgánach / cruthaítear húmas

2 × 3m

(iii) Leag amach an t-achar atá le sampláil / cuadraí / randamach / cé chomh randamach / bain an fásra / doirt sármhanganáit photaisiam nó leacht níocháin ar an talamh / fan go mbeidh tréimhse oiriúnach caite / comhair na bpéisteanna / déan arís / faigh an meán / ríomh.

Ceithre cinn ar bith 4 × 3m

Ceist 11.

- (a) (i) 1. Caora / gabhar / fía **4m**
2. Muc / capall / éanlaith **4m**
- (ii) B = Reiticealam
C = Omasam
D = Abomasam **3 × 4m**
- (iii) Abomasam / C **4m**
- (b) (i) Ceallalós nó snáithín **4m**
- (ii) Díleá meicniúil breise / déanann bia níos boige / méadaíonn an t-achar dromchla
Ceann amháin ar bith 4m
- (iii) Déantar bia a bhrú nó a thriomú / baintear an t-uisce / ionsúitear uisce
Ceann amháin ar bith 4m
- (iv) Dúidéineam / an stéig bheag **Ceann amháin ar bith 4m**
- (c) (i) Gruth buí / bainne (iomlán) / bainne púdrach / dlúthbhia nó béilí / féar tirim / sadhlas / féar
Ceithre cinn ar bith 4 × 4m
- (ii) At na cogansaí / carnadh gáis / gan a bheith ábalta brúcht a dhéanamh / méid ard seimre i mbáinseach
Ceann amháin ar bith 4m

Ceist 12.

- (a) (i) Léaráid **(4m, 2m, 0m)**
 [Bronn 4 marc nuair a bhfuil an cruth ceart, núicléas, agus dhá teorainn sa léaráid]
 [Bronn 2 marc nuair nach bhfuil aon ceann diobh thuas ann]

Lipéid: Cillbhalla / cillscannán / núicléas / cíteaplasma / folúisín (mór) / clóraplastaí
Trí cinn ar bith 3 × 4m

(ii) Núicléas **4m**

(iii) Miotóis **4m**

(b) Gaiméití $\textcircled{D} \times \textcircled{d}$ **2 x 4m**

Géinitíopaí F1 Dd **4m**

Feinitíopa F1 Dearg **4m**

(c) Géinitíopaí dd × Dd **2 × 2m**

Gaimeití \textcircled{d} × \textcircled{D} \textcircled{d} **3 × 2m**

Géinitíopaí Dd dd **2 × 2m**

Feinitíopaí Dearg Bán **2 × 3m**

[Ná bronn marcanna i gcóir na géinitíopaí ach amháin sa chás go bhfuil na gaiméití i gceart sa dara líne]

[Ná bronn marcanna i gcóir na feinitíopaí ach amháin sa chás go mhaitseálann siad na géinitíopaí sa tríú líne]

Ceist 13. Freagair dhá chuid ar bith (30m + 30m)

(a) (i) 145-155 lá **2m**

(ii) Éascaítear maoirseacht / níos éasca beathú / níos teo / cuirtear cosc ar hipiteirme nó ar fhuarú / seachnaítear creachóireacht nó níos sábháilte / seachnaítear póitseáil / laghdaítear an bhásmhaireacht / féar breise san earrach

3 × 3m

(iii) Aerú maith / gan séideáin / cineál oiriúnach urláir nó ainmnithe / sláinteachas / (urlár) tirim / soláthar fíoruisce / spás beathaithe imleor / spás imleor ar an urlár / te

3 × 3m

(iv) *An lampa infridhearg*: téann sé uain óga / uain laga / cuireann cosc ar hipiteirme nó ar fhuarú

Dhá cheann ar bith 3m + 2m

An cliathbhosca altrama: uan (ó ilbhreith a altramú) / le caora ag a bhfuil uan amháin nó gan uan ar bith aici / cuirtear srian ar an gcaora / cuirtear cosc ar an gcaora diúltú don uan uchtaithe

Dhá cheann ar bith 3m + 2m

(b) (i) Céadphrátaí luatha: Home Guard / Epicure **3m**
Dara prátaí luatha: British Queen / Maris Piper **3m**
Prátaí príomhbhairr: Kerrs Pink / Rooster / Golden Wonder / Records **3m**

(ii) Aimsir ghaofar / saor ó aifidí / cuirtear cosc ar ionfhabhtú víreasach / leithlis / laghdaítear an leathadh galar

Trí cinn ar bith 3 × 3m

(iii) Seachnaítear an nochtadh don solas / cuirtear cosc ar ghréiniú / coinnítear fiailí faoi smacht / cuirtear cosc ar spóir dúchana dul chomh fada leis na tíubair / méadaítear an táirgeacht / tacaítear leis an bplanda **2 × 3m**

(iv) Aerú maith / tirim / siocdhíonach / rochtain éasca / bogthaise ard / sláinteachas / saor ó mhíolra nó ó ghalair / aerú fórsáilte i gcás cruach atá níos mó ná 1.8 m ar airde **2 × 3m**

(c) (i) A = Uisce **3m**
B = Próitéin **3m**

(ii) Pór / aois / cainníocht an bheathaithe / cineál beathaithe / eatramh blite / céim blite / céim den lacht-tréimhse / galar / aonánacht na bó féin laistigh den phór **3 × 3m**

(iii) Áireamh Iomlán Baictéar (TBC) / áireamh ceall sómach (SCC) / teocht / cion uisce / cion antaibheathach / dríodar / teirmeadúrach **3 × 3m**

(iv) Limistéar coinneála glan / sláinteachas an bhliteora / sláinteachas sa bhleánlann / nigh nó cuimil an t-úth / cupa sniogtha / folcadh sine / scagaire / fuaraitheoir plátaí / nigh an trealamh go rialta / glan an t-ollumar / fuaraigh an bainne go 4 °C nó níos ísle san ollumar / sciatha cuileanna **2 × 3m**

(d) (i) 20 °C **3m**

(ii) Cró cránach seisce / cró coiscthe / cró ramhraithe **2 × 3m**

(iii) Cuireann sé ar chumas na cránach bheith ag tál ar na bainbh / cuireann sé cosc ar bhrú / éascaíonn sé rochtain ar an mbacpholl do bhainbh

Dhá cheann ar bith 2 × 3m

(iv) Berradh fiacla / sciotadh eireabail / instealladh iarainn / eangú cluaise / cinntiú go ndiúlann an banbh an chráin **2 × 3m**

(v) 28 - 35 lá/ 4 – 5 seachtain **3m**

(vi) Cóimheas an bhia a itear / leis an mbeomheáchan a chuirtear suas **2 × 3m**

Leathanach Bán

